

Polasaí GAELSCOILEANNA TEO. maidir le struchtúr

Aonaid lán-Ghaeilge ag an dara leibhéal

Sa cháipéis seo leagtar amach polasaí GAELSCOILEANNA TEO. maidir leis an struchtúr cuí atá de dhíth d'fhorbairt na n-Aonad lán-Ghaeilge ag an dara leibhéal. Eascraíonn an polasaí seo as plé leis na hAonaid lán-Ghaeilge atá bunaithe agus as plé le Bord Stiúrtha na heagraíochta.

Cúlra

Misean Eagraíocht GAELSCOILEANNA TEO.

Is eagraíocht chomhordaitheach na scoileanna lán-Ghaeilge í GAELSCOILEANNA TEO. Is é misean na heagraíochta GAELSCOILEANNA TEO. ná an gaeleideachas a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do phobail a dteastaíonn uatha córas gaeolscolaíochta a fhorbairt ina gceantar féin. Is é ráiteas misean na heagraíochta ná:

“Gaeolscolaíocht d’ardchaighdeán a bhunú agus a bhuanú ar fud na tíre mar aon le pobal agus cultúr na Gaeilge a fhorbairt agus a neartú.”

Tá sé cruthaithe go hidirnáisiúnta gurb é an modh is éifeachtaí chun sealbhú teanga a thabhairt do dhaltáí scoile sa dara theanga ná iad a thumadh sa teanga sin i rith an lae scoile (an córas tumoideachais). Leis an sprioc seo a bhaint amach ní mór do na daltaí bheith saor ó thionchar na mór-theanga agus an tumadh seo ar siúl. Is é an córas is fearr chun sin a dhéanamh ná gaeilscoil nó gaeilcholáiste a chur ar fáil ina bhféadfaí gach ní a bhaineann le saol scoile a chur i bhfeidhm trí mheán na Gaeilge.

Is é polasaí GAELSCOILEANNA TEO. iarbhunscoil neamhspleách a bhunú le leanúnachas san oideachas lán-Ghaeilge a thabhairt do dhaltáí gaeilscoileanna agus le deis a thabhairt do dhaltáí ó scoileanna eile teacht ar an tumoideachas ag leibhéal na hiarbhunscoile. Is í taithí ghairmiúil GAELSCOILEANNA TEO. ná go bhfuil sé i bhfad níos casta iarbhunscoil lán-Ghaeilge a bhunú i gcomparáid le bunscoile lán-Ghaeilge. Mar sin, ar uairibh bunaítear Aonaid lán-Ghaeilge i scoileanna lán-Bhéarla mar chomhréiteach. Déantar é seo de bharr cúinsí logánta a bhaineann de gnáth le tíreolaíocht agus daonra an cheantair nach bhfuil leordhóthanach chun scoil neamhspleách a bhunú ag an tús.

Ach tá deacrachtaí agus dúshláin ag baint leis an tumoideachas in Aonad thar mar a bhaineann le gaeilcholáiste neamhspleách.

Chun teacht thairis na dúshláin sin bíonn bun-thacaíocht de dhíth ar Aonaid chun gaeleideachas éifeachtach a chur ar fáil dóibh siúd a chuireann a muinín sa chóras sin.

Sainmhíniú Aonaid Lán-Ghaeilge

Is aonad teangeolaíochta é an t-Aonad lán-Ghaeilge ina thumtar na daltaí sa Ghaeilge ó thús go deireadh an lae scoile. Feidhmíonn an t-Aonad lán-Ghaeilge laistigh de mhórscoil gurb é an Béarla teanga cumarsáide agus teanga teagaisc na scoile sin. Is geall le scoil bheag é an tAonad atá á rith agus á reáchtáil trí mhionteanga fad is atá an mhórscoil á reáchtáil trí ghnáth-theanga an phobail.

De gnáth bíonn an t-Aonad lonnaithe ar an gcampas céanna leis an mhórscoil agus go minic laistigh den bhfoirgneamh céanna.

Sainmhíniú mórscoile

Sa cháipéis seo, an sainmhíniú atá á thabhairt ar mhór-scoil ná iarbhunscoil lán-Bhéarla ina bhfuil Aonad lán-Ghaeilge (mar a leagtar amach thuas) ag feidhmiú. Is príomhoide na scoile seo atá i gceannas ar bhainistiú na mór-scoile agus an Aonaid, cé go bhfuil Stiúrthóir i gceannas ar bhainistiú laethúil an Aonaid (féach rannóg faoi ról an Stiúrthóra)

Cóiríocht

Toisc gurb é príomhspríoc an Aonaid ná go mbeadh an Ghaeilge in úsáid go hiomlán i rith an lae scoile, go hidéalach ba cheart go mbeadh foirgneamh dá chuid féin ag an Aonad. Mura féidir sin a bheith ar fáil ba cheart go mbeadh ar a laghad géag nó síneadh neamhspleách dá chuid féin ag an Aonad. Is féidir go roinnfí na seomraí speisialta idir an tAonad agus an mhór-scoil.

Ba cheart go mbeadh:

- Spás sóisialta dá chuid féin ag daltaí an Aonaid le haghaidh am sosa agus am lóin agus gurb í an Ghaeilge a bheadh in úsáid le linn na hamanna seo.
- Seomra foirne faoi leith ag múinteoirí an Aonaid
- Oifig riaracháin faoi leith don Aonad
- Oifig don Stiúrthóir

Bainistíocht an Aonaid

Ba cheart go mbeadh Bord Bainistíochta dá chuid féin ag an Aonad neamhspleách ar Bhord na mór-scoile agus go mbuaileadh an Bord seo le chéile ar a laghad 5 uaire sa bhliain. Ba cheart, i gcónaí, cinntí maidir leis an Aonad a ghlacadh i gcomhpháirt le Stiúrthóir agus le Bord an Aonaid. Is í an Ghaeilge gnáth-theanga cumarsáide an Bhoird. Ba cheart go mbeadh cumarsáid rialta idir Bord an Aonaid agus Bord na mór-scoile.

Ionadaíocht ar Bhord an Aonaid

Moltar mar bhaill bhoird an Aonaid:-

- Stiúrthóir an Aonaid (ról an rúnaí)
- Príomhoide na mór-scoile (ag freastal)
- Beirt thuismitheoir (máthair amháin & athair amháin) le páistí san Aonad.
- Beirt mhúinteoir ó fhoireann an Aonaid

- Ionadaithe ó na hiontaofaithe (ag braith ar chúinsí áitiúla)
- Beirt atá gníomhach i saol na Gaeilge sa phobal áitiúil

Feidhmíonn an Bord faoi rialacha an Acht Oideachais, 1998. Ar a bharr sin bheadh ról ag an mBord i sainmheon agus i bpolasaithe an Aonaid a dhréachtú agus a fhaomhadh mar aon le ról comhairleach maidir le:

- Curaclam
- Riachtanais foirne
- Acmhainní
- Imeachtaí cultúir de chuid na Gaeilge
- Cóiríocht agus cothabháil
- Aighneacht a dhéanamh ar Bhord Bainistíochta na mór-scoile ar nithe i leith an Aonaid

Ba cheart go mbeadh Coiste Thuismitheoirí ar leith ag Aonad agus go mbeadh córas comhoibrithe eatarthu agus Coiste Thuismitheoirí na mór-scoile.

Ba cheart go mbeadh Comhairle na n-Daltaí ar leith ag Aonad agus go mbeadh córas comhoibrithe eatarthu agus Chomhairle Daltaí na mór-scoile.

Ba cheart go mbeadh a réamheolaire agus a dhialann scoile féin ag an Aonad.

Bainistíocht Laethúil an Aonaid

Stiúrthóir (Múinteoir i bhfeighil de réir an sean-theidil)

Ba cheart go mbeidh Stiúrthóir dá chuid féin ag Aonad ex-cuóta.

Bheadh an stiúrthóir mar bhainisteoir laethúil ar an Aonad ach é/í ag obair faoi stiúir agus i gcomhpháirtíocht le Príomhoide na scoile ina iomláine. Ba cheart go dtabharfaí deis don Stiúrthóir forbairt oiliúint bainistíochta a dhéanamh.

Stádas an Stiúrthóra

Is gá go mbeadh soiléireacht faoi údarás an Stiúrthóra laistigh den Aonad. Is gá go n-aithneofaí go bhfuil údarás ardbhainistíocht scoile ag an Stiúrthóir laistigh den Aonad.

Bheadh ionchur foirmeálta ag an Stiúrthóir sna gnéithe seo a leanas:

- Rogha agus raon ábhair an Aonaid
- Riachtanais foirne
- Earcú foirne a bheadh bainteach leis an Aonad
- Moltaí maidir le roghnú foirne ón mhór-scoil a bheadh ag múineadh san Aonad i gcomhpháirt le príomhoide na scoile
- Forbairt ghairmiúil múinteoirí maidir le múineadh trí Ghaeilge
- Amchlár an Aonaid i gcomhpháirtíocht le hamchlár na mór-scoile
- Cóiríocht/Cothabháil an Aonaid
- Bainistiú agus dáileadh acmhainní an Aonaid

- Cumarsáid le tuismitheoirí an Aonaid
- An cultúr Gaelach a chur chun cinn lasmuigh den seomra ranga
- Caidreamh a fhorbairt agus a choimeád leis an bpobal Gaeilge áitiúil agus le grúpaí náisiúnta Gaeilgeoirí
- Gréasánú a dhéanamh le Stiúrthóirí eile in Aonaid lán-Ghaeilge eile (bheadh ról comh-ordaitheach ag GAELSCOILEANNA TEO. anseo).

Ba cheart go mbeadh deis ag Stiúrthóirí Aonad atá faoi na coistí gairmoideachais freastal ar chruinnithe ard-bhainistíochta na gcoistí sin.

Tacaíocht Riaracháin

Tá géarghá le córas rúnaíochta trí Ghaeilge faoi leith a bheith ar fáil do stiúrthóir agus d'fhoireann an Aonaid.

Bheadh méid na tacaíochta rúnaíochta ag brath ar líon na ndaltaí san Aonad ach bheadh gá le híosmhéid de fiche uair an chloig sa tseachtain do gach Aonad.

Ba cheart go mbeadh uimhir gutháin/ ríomhphost/ facs srl. ar leith ag an Aonad.

Raon Ábhair san Aonad

- Ba cheart go mbeadh gach ábhar lárnach ar fáil trí Ghaeilge agus go mbeadh ar a laghad 13 ábhair ar fáil ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh ar an iomlán.
- Clár iomlán don idirbhliain a bheith ar fáil don Aonad.
- Ag leibhéal na hArdteiste ba cheart go mbeadh fáil ar na hábhair seo trí Ghaeilge:
 - na hábhair lárnacha
 - na teangacha Eorpacha
 - ábhair ar gach banda atá ar fáil sa mhór-scoil

Foireann an Aonaid

Ba cheart go mbeadh aon bhall foirne a bheadh ag plé leis an Aonad in ann sin a dhéanamh trí mheán na Gaeilge agus a bheith toilteanach obair trí mheán na Gaeilge (idir múinteoirí ábhair, cúntóirí riachtanais speisialta, comhairleoirí srl.). Ba cheart go mbeadh dualgas ar na baill foirne seo sainmheon lán-Ghaeilge an Aonaid a chur chun cinn. Ba cheart go mbeadh foireann an Aonaid in ann tacaíocht foghlama agus múinteoireacht acmhainne a chur ar fáil trí Ghaeilge do dhaltaí an Aonaid.

Allúntas Múinteoireachta an Aonaid:

Má tá éinne le ceapadh sa mhór-scoil ba cheart go mbeadh siad in ann múineadh trí Ghaeilge, rud a chinnteodh sruth múinteoirí don Aonad.

Tá sé riachtanach go mbeadh allúntas múinteoireachta faoi leith dlite don Aonad. In éagmais sin, cothófar aighneas idir múinteoirí na mór-scoile agus múinteoirí an Aonaid mar go gcuirfear i leith an Aonaid go bhfuil said ag tarraingt ó acmhainní múinteoireachta na mór-scoile.

Tharlódh seo mar go bíonn méid na ranganna níos lú san Aonad ná mar a bhíonn siad san mór-scoil de gnáth.

Ba cheart go mbeadh allúntas múinteoireachta an Aonaid ar aon dul leis an allúntas do scoil bheag, sé sin:

Scoil bheag

Príomhoide seach-cuóta
Múinteoir sa bhreis-seach cuóta
Uaireanta múinteoireachta breise - seach cuóta

Aonad

Stiúrthóir seach-cuóta
Múinteoir sa bhreis seach-cuóta
Uaireanta múinteoireachta breise - seach cuóta

Uaireanta Teagaisc agus Tuarastal an Stiúrthóra

Tá gá le teacht ar thuiscint ar an líon uaireanta a mbeadh Stiúrthóir ag múineadh chomh maith le tuarastal a chur ar fáil dóibh a léireodh an post atá ar siúl acu agus na dualgais breise a bhaineann le sin.

Poist freagartha san Aonad lán-Ghaeilge

Ba cheart go mbeadh poist freagartha ar leith ag an Aonad agus ba cheart go mbeadh líon na bpost seo ag teacht le líon na ndaltaí san Aonad.

Leas-Stiúrthóir

- Ba cheart go gceapfaí leas-stiúrthóir in Aonaid leis na huimhreacha céanna is a cheapfaí leas-príomhoide i scoil bheag.
- Ba cheart go mbeadh liúntas do mhúinteoir le dualgas speisialta ag duine leis an bpost seo.

Airgeadas an Aonaid

Tá gá le buiséad faoi leith a bheith ar fáil don Aonad chun freastal ar riachtanais a bhaineann leis an ngaelscolaíocht, riaradh an Aonaid san áireamh. Ba cheart go dtabharfaí airgead pro-rata don Aonad (ó dheontais na Roinne Oideachais srl.) nó go gcaithfí a chmhionann go díreach ar an Aonad. Ba cheart go rachadh aon airgead bailithe ag coiste tuismitheoirí an Aonaid díreach chuig an t-Aonad.

Féiniúlacht an Aonaid:

Ba cheart go léireodh an t-Aonad a fhéiniúlacht féin trí éide scoile beagáinín éagsúil ó cheann na mór-scoile (ar a laghad mana nó carbhat éagsúil), stáiseanáireacht ar leith, foilseacháin fhoirmeáilte (m.sh nuachtlitir). Moltar go mbeadh gléas idirchumarsáide ar leith ar fáil don Aonad má tá sé in úsáid sa mhór-scoil. Moltar go mbronnfaí teastais/gradam ar leith ón Aonad nó oíche bronnadh/gradaim ar leith a bheith acu.

Ba cheart go mbeadh gnáth chumarsáid agus fógraíocht an Aonaid trí Ghaeilge nó ar a laghad go dátheangach mar is gá.

Má tá príomhoide nó leas-príomhoide nua le ceapadh i mór-scoil ina bhfuil Aonad lán-Ghaeilge, ba cheart a chinntiú go mbeadh Gaeilge nó tuiscint ar an nGaeilge ag an duine seo. Mar dhea-chleachtas, ba cheart d'aon phríomhoide nó leas-príomhoide atá ag plé leis an Aonad plé a dhéanamh trí mheán na Gaeilge a oiread agus is féidir go háirithe agus iad ag plé le múinteoirí agus le daltaí an Aonaid. Chuirfeadh sé seo go mór le féiniúlacht Ghaelach an Aonaid agus tabharfaidh sé aitheantas cuí dó.

Tionchar dearfach ag an Aonad ar an mhór-scoil agus cearta dátheangacha na scoile ina iomláine

San áit nach mbíonn imeacht ar leith ag an Aonad moltar go mbeadh an Ghaeilge san áireamh in imeachtaí na scoile ina iomláine. Áirítear i measc na samplaí:

- Aifreann/tionól scoile – léachtaí/ ceol/ cur i láthair srl. a bheith i nGaeilge.
- Suíomh idirlín na scoile/ suíomh Facebook srl. a bheith dátheangach agus nasc chuig eolas ar an Aonad ar an bpríomh leathanach de.
- Tuairiscí scrúdaithe féin a bheith ag an Aonad.
- Plean scoile
 - Plean ar leith don Aonad (miontuairiscí an Bhoird, struchtúr an Aonaid srl. a bheith san áireamh anseo)
 - Aitheantas suntasach a bheith i bplean na scoile d'fhorbairt na gaelscolaíochta san Aonad
 - Polasaí an ghaeloideachais san Aonad

Moltar, chomh fada agus is féidir, go mbeadh fógraíocht na mór-scoile ann go dátheangach.

Aitheantas ón Roinn Oideachais

Ba cheart go mbeadh aitheantas buan oifigiúil ag an Aonad ón Roinn Oideachais. **Is gá soiléiriú a dhéanamh laistigh de gach rannóg sa Roinn Oideachais gur féidir le hAonad lán-Ghaeilge a bheith laistigh de gach shórt iarbhunscoile (scoil phobail, scoil faoin CG, scoileanna deonacha srl.).**

- Scrúdaithe an Aonaid – ba cheart go mbeadh na daltaí go léir ón Aonad lena chéile do na scrúdaithe do phraiticiúlacht na bpáipéar scrúdaithe a thabhairt dóibh. Ba cheart go mbeadh Gaeilge ag feitheoir na scrúdaithe san Aonad.
- Is gá go mbeadh liúntas pá 'múineadh trí Ghaeilge' ar fáil do gach mhúinteoir atá ag múineadh trí mheán na Gaeilge san Aonad pro-rata.
- Ba cheart go mbeadh aitheantas oifigiúil ann, má oireann na cúinsí agus ag braith ar éileamh, go bhféadfadh Aonad fás go scoil neamhspleách,.
- Ba cheart go mbeadh aon chomhfhreagras ón Roinn Oideachais chuig an Aonaid á dhéanamh trí Ghaeilge.

Bunú Aonaid Nua

Más féidir éileamh leanúnach a chruthú ó scoilcheantar iarbhunscoile d'iarbhunscolaíocht lán-Ghaeilge, ba cheart go mbeadh bainistíocht na scoile sin i dteideal Aonad lán-Ghaeilge a bhunú le 15 dalta sa chéad bhliain.

Caithfear raon ábhair agus allúntas múinteoireachta a chur ar fáil do na hAonaid seo ar chomhréir leis an méid atá leagtha síos sa cháipéis seo cheana féin. Is gá go mbeadh plean réamhghníomhach fáis ann don Aonad a bheadh aontaithe idir an scoil, an pátrún agus bainistíocht an Aonaid le spriocanna aitheanta maidir le fás líon na ndaltaí, soláthar curaclaim, earcaíocht múinteoirí srl.

Aonad ag fás go scoil neamhspleách

Sa phlean fáis atá luaite sa phointe thuas ba cheart go mbeadh comhaontú ann don phointe ag a mbronnfaí aitheantas mar scoil neamhspleách lán-Ghaeilge ar an Aonad. Molann GAELSCOILEANNA TEO. go mbeadh réamhphleanáil déanta do neamhspleáchas an Aonaid ag staid a bhunaithe.

- Leis an bpróiseas seo a éascú, bheadh gá le Conradh a bheith sínithe le bord bainistíochta na mór-scoile, pátrún na mór-scoile agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ag staid bunaithe an Aonaid, a chinnteodh go mbeadh neamhspleáchas uathoibríoch ag an Aonad nuair a chomhlíontar critéir ar leith. I measc na gcritéir áirítear:-
 - Líon áirithe dalta a bheith sroichte ag an Aonad
 - Liosta daltaí atá le teacht a léiríonn fás in ann don líon dalta
- Nuair a bheidh na critéir seo sroichte beidh gá le:
 - Pleanáil don spriocdháta i dtaobh aistrithe an Aonaid ina scoil neamhspleách.
 - Socraithe a dhéanamh do na múinteoirí a bhí ag múineadh san Aonad.
 - Na cearta pá srl. a bhí acu san Aonad a choimeád.
 - Socraithe a dhéanamh maidir le sinsearachtaí foirne sa scoil nua
 - Socraithe a dhéanamh maidir le haon acmhainní a bhaineann leis an Aonad, mar shampla cinntiú go bhfuil liúntas agus acmhainní ar fáil le tacaíocht le daltaí le riachtanais speisialta sa scoil nua.
 - Pleanáil curaclaim a dhéanamh don scoil nua.
 - Cóiríocht chúil a fháil don scoil mura bhfuil sin ann cheana féin. Tábhacht a ionad féin a bheith ag an scoil nua.
 - Uimhir rolla scoile a fháil ón Roinn Oideachais
- Le haitheantas ag an Aonad mar scoil neamhspleách bheadh gá le córas le cinntiú go dtarlaíonn an trasnáil chomh héasca agus is féidir. Chuige sin, moltar:-
 - Comhoibriú idir an scoil nua agus scoil eile (an sean- mhór-scoil, mar shampla) le deis a thabhairt do dhaltaí leanúint le roinnt ábhair a thosaigh siad trí Bhéarla sa mhór-scoil mura bhfuil an t-ábhar sin ar fáil

sa scoil nua (agus go háirithe má tá siad sna hardranganna), agus le réimse níos leithne ábhair a sholáthar má chinneann an scoil nua gur fiú.

- Tréimhse eatramhach bainistíochta a shocrú le tacú leis an scoil nua agus le plé leis an trasnáil má chinntear go mbeadh gá le sin. Seachas sin bord bainistíochta nó fo-choiste den Bhord Oideachais agus Oiliúna áitiúil a cheapadh don scoil nua le bainistiú a dhéanamh uirthi.

GAELSCOILEANNA TEO.

Moltar do na hAonaid clárú a dhéanamh le GAELSCOILEANNA TEO. le tacaíocht a lorg agus le gréasánú a dhéanamh le hAonaid agus le hiarbhunscoileanna lán-Ghaeilge eile. Tá eolas ar an eagraíocht le fáil ag www.gaelscoileanna.ie